

Polasaí árachais sláinte a roghú





An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

Cé muid féin

Is éard atá san Údarás Árachais Sláinte ná comhlacht Stáit a rialaíonn an margadh árachais sláinte príobháideach in Éirinn. Soláthraímid eolas faoi árachas sláinte atá saor in aisce agus neamhchlaonta.

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin le haghaidh eolais faoi árachas sláinte agus chun comparáid a dhéanamh idir polasaithe árachais sláinte trí úsáid a bhaint as ár n-uirlis chomparáide saor in aisce.

www.hia.ie

Clár ábhar

Árachas sláinte príobháideach.....	2
Pleananna Airgid Tirim.....	4
Polasaí a roghnú.....	5
Polasaithe agus árachóirí a athrú.....	8
Tréimhsí feithimh.....	9
Tréimhsí feithimh do chustaiméirí nua	9
Tréimhsí feithimh d’uasghrádú ar pholasaí.....	10
Ceisteanna coitianta.....	11
Teagmhálaithe úsáideacha.....	15

Árachas sláinte príobháideach

Cabhraíonn árachas sláinte príobháideach le hothair chónaitheacha a gcostais leighis, nó roinnt díobh, a chlúdú. Is féidir le duine ar bith a bhíonn ina gcónaí de ghnáth i bPoblacht na hÉireann árachas sláinte a cheannach beag beann ar aois, inscne, stádas sláinte nó stair leighis. Cuirtear cúram sláinte príobháideach ar fáil in Éirinn in ospidéal poiblí agus in ospidéal phríobháideacha. Má thógtar isteach in ospidéal thú agus más mian leat go ndéileálfar leat mar other príobháideach, ní mór duit é sin a chur in iúl don ospidéal.

Is iad seo na príomhbhuntáistí a bhaineann leis an árachas sláinte príobháideach:

- Clúdach le haghaidh seomra leathphríobháideach nó príobháideach in ospidéal;
- Clúdach le haghaidh seirbhísí comhairligh othar cónaitheach mar other príobháideach;
- Clúdach eile, lena n-áirítear buntáistí máthreachais, clúdach thar lear, síciatrach agus clúdach d’othair seachtracha.



An gclúdóidh m'árachas sláinte príobháideach na táillí a ghearrann mo chomhairleoir?



Clúdaíonn an chuid is mó de pholasaithe árachais sláinte príobháideacha na seirbhísí comhairleacha a sholáthraítear nuair a bhíonn tú mar othar san ospidéal. Ag brath ar do pholasaí, d'fhéadfadh sé go gclúdófar roinnt seirbhísí othar seachtracha freisin, ach seans go mbeidh ort íoc as barrachas.

Cad iad na buntáistí máithreachais a áirítear i bpolasaithe árachais sláinte?



Clúdaíonn árachas sláinte príobháideach roinnt de na costais a bhaineann le seirbhísí máithreachais príobháideacha in ospidéal poiblí. Níl aon ospidéal máithreachais príobháideach in Éirinn. Is gnách go gclúdaíonn an chuid is mó de pholasaithe árachais sláinte trí oíche i seomra príobháideach (ag brath ar an soláthar). É sin ráite, i roinnt pleananna, cuimsítear clúdach srianta nó ní chlúdaítear ach seomra leathphríobháideach. D'fhéadfaí go n-áireofar freisin deontas €2,000-€5,000 don bhreith sa bhaile. Ag brath ar leibhéal an chlúdaigh atá agat, d'fhéadfadh sé tarlú nach gclúdaíonn d'árachas sláinte costas iomlán do sheala san ospidéal.

Clúdaíonn gach plan táillí othar cónaitheacha an chomhairleora a shaolaíonn do leanbh. Clúdaíonn pleananna a bhfuil clúdach níos airde acu ainéistéisí, paiteolaíocht agus comhairliúchán le péidiatraí san ospidéal.

D'fhéadfaí go gclúdófar i bpáirt, táillí do chomhairleora príobháidigh mar othar seachtrach, mar chuid den bhuntáiste i do pholasaí a ghabhann le buntáistí réamhbhreithe agus iarbhreithe nó buntáistí táillí comhairleora máithreachais mar othar seachtrach. Áirítear leis seo gnáthchuaireanna chuig an gcomhairleoir roimh an breith.

D'fhéadfaí go mbeidh ort tréimhse feithimh a chur isteach sula mbeidh clúdach agat le ghaidh buntáistí máithreachais.

Pleananna Airgid Tirim

Le pleananna airgid tirim árachais sláinte, soláthraítear méid airgid atá leagtha síos le haghaidh réimse imeachtaí leighis. Murab ionann is árachas sláinte d'othair chónaitheacha, ní chlúdaítear leis seo seal san ospidéal mar othar príobháideach. Seans go mbeidh tú ábalta suim sheasta a éileamh ar ais, ach níl an méid seo nasctha le costas do sheala san ospidéal. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeidh tú ábalta €50 a éileamh le haghaidh gach oíche a chaitheann tú san ospidéal. I roinnt pleananna tugtar airgead ar ais le haghaidh costais othar seachtracha ar nós cuairteanna chuig an dochtúir teaghlaigh nó fisiteiripe.



An gclúidh mo phlean airgid tirim táillí mo comhairleora?

Ní bheidh clúdach agat le haghaidh seirbhísí comhairleora mar othar cónaitheach agus tú ag fanacht san ospidéal. Ag brath ar do pholasaí, d'fhéadfadh sé go bhfaighidh tú roinnt airgid ar ais don mhéid a d'íoc tú as seirbhísí comhairleora othar seachtrach.



Cén cineál buntáiste máithreachais a chlúdaítear sna pleananna airgid tirim?

D'fhéafdaí na nithe a leanas a áiriú i bpleananna airgid tirim:

- Méid airgid seasta le haghaidh gach lá san ospidéal
- Deontas máithreachais

D'fhéafdaí go mbeidh ort tréimhse feithimh a chur isteach sula mbeidh clúdach agat le haghaidh buntáistí máithreachais.

Polasaí a roghnú

Is cinneadh tábhachtach é polasaí árachais sláinte a roghnú, agus ba chóir duit an leibhéal clúdaigh, mar aon le téarmaí agus coinníollacha, a sheiceáil sula ndéanann tú an cinneadh. Is féidir leat comparáid a dhéanamh saor in aisce idir polasaithe árachais sláinte trí úsáid a bhaint as ár n-uirlis chomparáide, agus is féidir leat dul i dteagmháil linn chun eolas agus comhairle a fháil.

Roimh duit polasaí árachas sláinte a roghnú, ba chóir duit na ceisteanna a leanas a chur ort féin:

Cén saghas cóiríochta ospidéil a gheobhaidh mé?

Leis an árachas sláinte príobháideach, tairiscítear dhá chineál cóiríochta: seomraí leathphríobháideacha agus seomraí príobháideacha. Is seomraí iad seomraí leathphríobháideacha ina mbíonn suas le cúig leaba. Is seomraí iad seomraí príobháideacha ina bhfuil leaba amháin. Bíonn seomraí leathphríobháideacha agus seomraí príobháideacha ag brath ar an soláthar. Ciallaíonn sé seo fiú má tá



clúdach agat le haghaidh seomra príobháideach, d'fhéadfadh sé go mbeidh ort seomra a roinnt mura bhfuil seomra príobháideach ann duit. Is gnách go gcuireann árachóirí sláinte príobháideacha in Éirinn na hospidéal le chéile i dtrí chatagóir:

- Ospidéal phoiblí (ospidéal arna maoniú ag an Stát)
- Ospidéal phríobháideacha
- Ospidéal phríobháideacha eile ar nós Clinic na Carraige Duibhe, an Mater Príobháideach, agus an Ospidéal Beacon. Uaireanta tugtar ospidéal ardteicneolaíochta orthu siúd.

Roimh duit conradh árachais sláinte a shíniú, ba chóir duit leibhéal na cóiríochta ospidéal a bheidh agat, a sheiceáil.

Cad iad na buntáistí is tábhachtaí domsa?

Agus tú ag roghnú plean, ba chóir duit do stíl mhaireachtála agus do riachtanais sláinte reatha a chur san áireamh. Mar shampla, má tá fisiteiripe de dhíth ort, roghnaigh plean a bhfuil clúdach maith aige do seirbhísí othar seachtracha.

An bhfuilim sásta glacadh le riosca agus cé mhéad?

Uaireanta áirítear barrachas i gconarthaí árachais sláinte príobháideacha. Is é sin scair d'éileamh árachais nach mór duit a íoc tú féin. Beidh tú ábalta polasaí níos saoire a fháil má tá tú sásta barrachas ionchasach a íoc. Mura bhfuil tú sásta glacadh leis an riosca seo, roghnaigh polasaí le barrachas níos ísle nó nach bhfuil barrachas ar bith ag gabháil leis.



Beidh tú ábalta polasaí níos saoire a fháil má tá tú sásta barrachas a íoc.

Bealach eile chun costas do chuid árachais a laghdú ná polasaí a roghnú le buntáistí othar seachtracha atá níos ísle. Mura n-úsáideann tú mórán seirbhísí othar seachtracha de ghnáth, ar nós an dochtúir teaghlaigh nó fisiteiripe, d'fhéadfá polasaí a roghú ag a bhfuil buntáistí othar seachtracha níos ísle, agus glacadh leis an riosca go mbeidh ort íoc astu má tharlaíonn sé go mbíonn siad ag teastáil.

Má theastaíonn uait go mbeidh cúram príobháideach agat le haghaidh cóireáil ortaipéideach nó oftalmach, b'fhéidir go mba chóir duit polasaí a roghnú a chlúdaíonn na buntáistí seo.



Polasaithe agus árachóirí a athrú

Cathain is féidir liom polasaithe agus árachóirí a athrú?

Is féidir leat árachóir nó plean a athrú ag an gcéad dáta athnuachana eile. Ní mór do gach árachóir tréimhse shuaimhnithe 14 lá a sholáthar ón dáta athnuachana. Le linn na 14 lá seo, is féidir leat an conradh a chur ar ceal agus aisíoc iomlán a fháil. Go ginearálta, is conarthaí 12 mí iad conarthaí árachais sláinte. Má athraíonn tú an t-árachóir le linn seal an chonartha, d'fhéadfaí go ngearrfar táille chealaithe ort.

Tá riocht sláinte agam cheana féin. An féidir liom an t-árachóir a athrú?

Is féidir. Má tá do thréimhse feithimh críochnaithe agat, beidh tú faoi árachas ón bpointe sin le haghaidh aon riocht sláinte a bhí agat cheana féin. Ach má bhogann tú go dtí plean le buntáistí níos airde, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ort tréimhse feithimh a chur isteach de bharr an uasghrádaithe seo. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi tréimhsí feithimh, féach leathanach 9.







Tréimhsí feithimh

Tréimhsí feithimh do chustaimeirí nua

D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ort tréimhse feithimh a chur isteach:

- Má thógann tú arachis sláinte amach den chéad uair;
- Má imíonn 13 seachtain thart ón uair dheireanach a raibh tú faoi árachas sláinte príobháideach.

Is iad seo na huatréimhsí feithimh do chustaiméirí nua:

			
Timpiste agus gortuithe	Breiteacht a thosaíonn tar éis árachas a thógáil amach	Breiteacht a bhí ann sna sé mhí sular thóg tú an t-árachas amach	Éilimh a bhaineann le máithreachas
Ceann ar bith	26 seachtain	5 bliain	52 seachtain

Nuair a bheidh na tréimhsí feithimh seo curtha isteach agat, ní bheidh ort iad a chur isteach arís fiú má athraíonn tú chuig árachóir eile – fad is nach mbeidh briseadh agat i do chlúdach níos faide ná 13 seachtain. Má athraíonn tú an t-árachóir laistigh den tréimhse feithimh, cuirfear san áireamh an méid ama atá curtha isteach leis an gcéad árachóir agus críochnóidh tú an tréimhse feithimh leis an árachóir nua.

Ní gá do leanaí a bhfuil a dtuismitheoirí ina sealbhóirí polasaí, aon tréimhse ama a chur isteach má áirítear iad laistigh de 13 seachtain óna ndáta breithe.

Tréimhsí feithimh d’uasghrádú ar pholasaí

Má tá tú ag athrú plean nó ag uasghrádú do pholasaí go dtí ceann le clúdach níos airde, d’fhéadfadh na tréimhsí feithimh a leanas a bheith ag gabháil le haon bhuntáiste ar an bpolasaí nua:

Aon bhuntáiste níos airde	Buntáistí máithreachais
2 bhliain	52 seachtain

Ní chuireann na hárachóirí na huastréimhsí feithimh i bhfeidhm i gcónaí. Déan teagmháil dhíreach leis an árachóir chun a fháil amach cad iad na tréimhsí feithimh a bhaineann leatsa.



Ceisteanna coitianta

Cén áit is féidir liom árachas sláinte a cheannach?

Tá dhá chineál árachóir sláinte príobháideach in Éirinn:

- Cuireann árachóirí a bhfuil ballraíocht oscailte acu árachas ar fáil d'aon duine ar mian leis nó léi é a cheannach uathu. Faoi láthair, tá ceithre árachóir den chineál seo ag feidhmiú in Éirinn: Irish Life Health, Laya Healthcare, Vhi Healthcare, agus HSF Health Plan. Ní thairiscíonn HSF Health Plan ach pleananna airgid tirim. Tá tú i dteideal aon phlean atá ar an margadh a cheannach ó na hárachóirí seo.
- Cuireann árachóirí a bhfuil ballraíocht shrianta acu árachas ar fáil do dhaoine a bhaineann le grúpa faoi leith. Is gnách gur gairmghrúpa é seo nó fostaithe d'eagraíocht faoi leith agus a gcleithiúnaigh.

An féidir liom faoiseamh cánach a éileamh ar m'árachas sláinte?

Má íocann tú d'árachas sláinte go díreach le d'árachóir, tá faoiseamh cánach leighis ar fáil ag an bhfoinse, agus cuireann an t-árachóir i bhfeidhm é sin chun costas iomlán do pholasaí a laghdú. Ciallaíonn sé sin go dtugtar an faoiseamh cánach go huathoibríoch mar lascaine ar chostas do pholasaí. Ní gá duit faoiseamh cánach a éileamh ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Má íocann d'fhostóir as d'árachas sláinte mar shochar comhchineáil, gearrfar cáin ar oll-luach an chostais atá ar do pholasaí. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ort faoiseamh cánach árachais leighis a éileamh ó na Coimisinéirí Ioncaim. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach www.revenue.ie.

An féidir liom faoiseamh cánach a éileamh ar mo chostais leighis nach bhfuil clúdaithe faoi m'árachas sláinte?

Is féidir. Má tá árachas sláinte agat, is féidir leat faoiseamh cánach a éileamh ar an gcuid de do chostais leighis nach bhfuil clúdaithe ag d'árachóir. Mar shampla, má d'íoc tú €60 as cuairt chuig an dochtúir teaghlaigh agus bhí €20 éilithe agat cheana fein ó d'árachas sláinte, is féidir leat faoiseamh cánach a éileamh ar an €40 atá fágtha. Ní mór duit cóipeanna a choimeád de na hadmhálacha chun an faoiseamh seo a éileamh. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach www.revenue.ie.



Is féidir leat faoiseamh cánach a éileamh ar an gcuid de do chostais leighis nach bhfuil clúdaithe ag d'árachóir.

Cad is féidir liom a éileamh faoi na buntáistí atá ann d'othair sheachtracha?

Braitheann do bhuntáistí othar seachtrach ar an leibhéal clúdaigh atá agat. Roimh duit úsáid a bhaint as seirbhís sláinte nó atreorú a fháil ó dhochtúir teaghlaigh le haghaidh ospidéal nó clinic faoi leith, ba chóir duit dul i dteagmháil le d'árachóir chun cinnte a dhéanamh de gclúdaíonn d'árachóir an tseirbhís sláinte agus an t-ospidéal nó an clinic sin faoin bpolasaí atá agat.

Ag brath ar an leibhéal clúdaigh atá agat, seans go mbeidh tú ábalta cuid de na costais, a bhaineann le seirbhísí othar seachtrach, a éileamh, ar nós cuairteanna chuig an dochtúir teaghlaigh, chuig an bhfiacloir, tástálacha diagnóiseacha, agus fisiteiripe.

Cad é an ceann is fearr domsa, árachas sláinte príobháideach othar cónaitheach nó plean airgid tirim?

Tairiscíonn an chuid is mó de na pleananna airgid tirim buntáistí othar seachtrach atá suntasach. D'fhéadfadh plean airgid tirim a bheith úsáideach duit mura bhfuil árachas sláinte príobháideach agat nó mura n-áirítear clúdach othar seachtrach i d'árachas sláinte príobháideach. É sin ráite, más amhlaidh go bhfuil árachas sláinte príobháideach agat cheana féin, déan do chlúdach a sheiceáil sula gceannaíonn tú plean airgid tirim mar tá buntáistí othar seachtrach clúdaithe i mórán pleananna árachais sláinte príobháideach.

Cad is Pobalrátú Saoil ann?

Is córas é an Pobalrátú Saoil ina gcosnaíonn árachas sláinte níos mó do dhaoine atá níos aoista nuair a cheannaíonn siad den chéad uair é. Baineann sé seo le daoine atá os cionn 35 bliain d’aois atá ag ceannach árachas sláinte den chéad uair.

Tugadh isteach an t-ualú Pobalrátú Saoil sa bhliain 2015 chun daoine a spreagadh dul isteach sa mhargadh árachais ag aois níos óige.

- Má tá tú 35 nó níos sine agus tá árachas sláinte agat cheana féin, ní bheidh aon athrú ar chostas do chuid árachais bunaithe ar d’aois.
- Má tá tú 35 nó os a chionn nuair a cheannaíonn tú árachas sláinte den chéad uair, beidh ort 2% sa bhreis a íoc ar chostas iomlán do pholasaí do gach bliain nach raibh árachas sláinte agat idir an t-aois atá agat anois agus an bhliain ina raibh tú 34 bliain d’aois. Tugtar ualú Pobalrátú Saoil ar an gcostas breise seo.

Saampla

Tá John 45 bliain d’aois agus tá sé ag ceannach árachas sláinte den chéad uair. Chaith sé 11 bliain gan árachas sláinte agus é ina dhuine fásta. Mar sin, is é 22% (11 x 2%) an t-ualú Pobalrátú Saoil atá aige. Is é €1000 an costas atá ar a pholasaí tar éis faoiseamh cánach a chur san áireamh.

Ollchostas an pholasaí	€1000 + €200 cáin = €1200
Ualú 22%	22% of €1200 = €264
Ollchostas lena n-áirítear an t-ualú	€1464
An méid atá le híoc ag John as a pholasaí	€1264 (€1464 lúide €200 faoiseamh cánach)

Ní bheidh ort ualú Pobalrátú Saoil a íoc ar feadh an chuid eile de do shaol. Tá feidhm ag an ualú ar feadh 10 mbliana ar a mhéad.

Cad a tharlaíonn má bhrisim mo chlúdach?

Má tharlaíonn briseadh i do chlúdach árachais sláinte a sháraíonn 13 seachtain, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ort tréimhse feithimh, a chuirtear i bhfeidhm do chustaiméirí nua, a chur isteach arís. Má tá tú 35 bliain d'aois nó os a chionn, d'fhéadfadh sé tarlú go n-áireofar ualú Pobalrátú Saoil ar chostas do pholasaí. Ach cuirfear san áireamh freisin aon am a raibh tú faoi árachas cheana féin. Le haghaidh tuilleadh eolais faoi tréimhsí feithimh, féach leathanach 7.

Féach ár suíomh gréasáin le haghaidh eolais faoi árachas sláinte agus chun comparáid a dhéanamh idir polasaithe árachais sláinte ag baint úsáide as ár n-uirlis chomparáide saor in aisce.

www.hia.ie

Is treoir ghinearálta amháin é an leabhrán seo. Ní téacsleabhar dlí é ná achoimre ar na nithe a d'fhéadfadh a bheith ag baint le do chás féin.

Teagmhálaithe úsáideacha

Name	Phone	Online
An tÚdarás Árachais Sláinte	(01) 406 0080	www.hia.ie info@hia.ie
Irish Life Health	(01) 562 5100	www.irishlifehealth.ie heretohelp@irishlifehealth.ie
Laya Healthcare	(021) 202 2000	www.layahealthcare.ie Online contact form
Vhi Healthcare	(056) 444 4444	www.vhi.ie info@vhi.ie
HSF Health Plan	0818 473 473	www.hsf.ie customer@hsf.ie
An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	(01) 402 5555	www.ccpic.ie ask@ccpic.ie
An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean	(01) 567 7000	www.fspo.ie info@fspo.ie
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	0818 07 4000	www.citizensinformationboard.ie info@ciboard.ie eolas@ciboard.ie



An tÚdarás Árachais Sláinte
The Health Insurance Authority

An tÚdarás Árachais Sláinte
Teach Lána Beaux
Sráid Mercer Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 DH60

www.hia.ie
info@hia.ie
(01) 406 0080